TG4

# <u>Téarmaí Tagartha Coiste Ceadú Conarthaí na gClár TG4</u>

## <u>1. Comhdhéanamh agus údarás</u>

Tá sé beartaithe ag Bord Teilifís na Gaeilge coiste den Bhord a bhunú ar a dtugtar an Coiste Ceadú Conarthaí na gClár ("an Coiste").

a) Tugann an Bord cead don Choiste aon ghníomhaíocht laistigh dá théarmaí tagartha a scrúdú. Tá cead ag an gCoiste aon eolas atá ag teastáil uaidh ó aon fhostaí a lorg agus treoraítear do gach fostaí comhoibriú le haon iarraidh a dhéanann an Coiste.

b) Tugann an Bord cead don Choiste comhairle dlí sheachtrach nó comhairle ghairmiúil neamhspleách eile a lorg, mar a mheastar a bheith riachtanach.

## <u>2. Ballraíocht</u>

a) Ceapfaidh an Bord comhaltaí don Choiste Ceadú Conarthaí na gClár. Beidh comhaltaí an bhoird uilig ar an gCoiste seachas iad siúd atá gníomhach san earnáil léirithe nó / agus nach bhfuil coimhlint leasa gairmiúil acu maidir le déantús ábhair nó cláracha. Beidh duine amháin acu sin ina Chathaoirleach ar an gCoiste.

b) Beidh Cathaoirleach an Bhoird ag gníomhú ina Chathaoirleach ar an gCoiste. Má tá an Cathaoirleach as láthair, roghnóidh na comhaltaí atá i láthair Cathaoirleach gníomhach don chruinniú.

c) Ceathrar chomhaltaí a bheidh sa chóram.

d) Caithfear déanamh cinnte ag tús gach cruinniú nach bhfuil aon choimhlint leasa pearsanta ag aon comhalta atá ar an gCoiste agus má tharlaíonn sé go bhfuil beidh ar an comhalta sin seasamh amach as an gcruinniú.

e) Níl sé de cheart uathoibríoch ach ag comhaltaí de Choiste Ceadú Conarthaí na gClár amháin freastal ar chruinnithe an Choiste. Freastalóidh Rúnaí na Cuideachta nó Rúnaí an Bhoird, tar éis cuireadh a fháil ó Chathaoirleach an Choiste, ar chruinnithe, seachas i gcás aon chuid de chruinniú ar mian le Cathaoirleach an Choiste a chur in áirithe do chomhaltaí Coiste amháin.

## <u>3. Cruinnithe</u>

### *3.1 Minicíocht / cruinnithe neamhchorpartha*

a) Tiocfaidh an Coiste le chéile ar na dátaí céanna le cruinnithe Boird, má bhíonn conraithe le ceadú. Má bhíonn práinn le conradh a cheadú taobh amuigh de na dátaí sin, cuirfidh Rúnaí na Cuideachta nó Rúnaí an Bhoird ceist ar an Choiste teacht le chéile do chruinniú eisceachtúil.

b) D'fhéadfaí cruinnithe a reáchtáil ar an bhfón nó ar bhealach leictreonach oiriúnach eile inar féidir le gach comhalta den bhord éisteacht agus tuairimí a thabhairt.

### 3.2 Miontuairiscí cruinnithe

a) Beidh teacht ag an gCoiste ar sheirbhísí Rúnaí Chuideachta Theilifís na Gaeilge nó Rúnaí an Bhoird maidir le cúrsaí uile an choiste lena n-áirítear: cúnamh a thabhairt do Chathaoirleach an Choiste Ceadú Conraithe chun obair an choiste a phleanáil; cláir oibre do chruinnithe a dhréachtú; miontuairiscí a choinneáil agus tacaíocht phraiticiúil riachtanach eile a chur ar fáil mar a mheastar a bheith riachtanach.

b) Scríobhfaidh an Rúnaí miontuairiscí ar imeachtaí agus rúin gach cruinnithe den Choiste, lena n-áirítear ainm na ndaoine a bhí i láthair agus a d'fhreastail ar an gcruinniú a thaifeadadh. (Sa chás nach bhfuil an Rúnaí i láthair le haghaidh mír den chlár oibre, ainmneoidh na comhaltaí a bheidh i láthair comhalta amháin chun miontuairisc ar na himeachtaí a scríobh).

c) Scaipfidh an Rúnaí miontuairiscí de chruinnithe an Choiste go pras chuig gach comhalta den Choiste agus, nuair a aontófar faoi, chuig gach comhalta den Bhord.

**4. Dualgais**

Is iad seo a leanas dualgais an choiste:

a) Cuirfear na conarthaí cláracha seo a leanas faoi bhráid an Bhoird:

1. Conarthaí a bhfuil buiséad €500,000 agus os a chionn ag dul leo á íoc go hiomlán ag TG4.
2. Conarthaí Ollsoláthair €1.6m le n-aontú ag tús na tréimhse lena mbaineann sé.
3. Conarthaí a bhaineann le scéimeanna TG4 ina bhfuil maoinitheoirí eile san áireamh. Má tá an buiséad iomlán os cionn €1m beidh an plean airgeadais le sciar TG4 le haontú agus seasfaidh an t-aontú sin le linn thréimhse na scéime.

b) Cuirfear liosta ar fáil dóibh chomh maith do chonraithe cláir atá ceadaithe ag TG4 ina bhfuil sciar TG4 idir €200,000 agus €499,999.

**5. Nithe Eile**

a) Déanfaidh an Coiste athbhreithniú ar na téarmaí tagartha seo go tréimhsiúil agus déanfaidh sé moltaí chuig an mBord maidir leis na téarmaí a uasdátú nó a leasú de réir mar is cuí.

b) Cuirfidh an Coiste tuarascáil ghearr i dtoll a chéile ina ndéantar cur síos ar a bhallraíocht, dualgais agus príomhghníomhaíochtaí le linn na bliana, atá le cur san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Cuntais Bhliantúla.